




**wwetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Phort Láirge agus Loch Garman  
Waterford and Wexford  
Education and Training Board

# RÁITEAS STRAITÉISE 2018-2022



A photograph of four students in a computer lab. A young woman with long brown hair is leaning over a desk, smiling as she looks at a computer monitor. Two young boys are looking at the same monitor; one is pointing at the screen. Another young woman with long blonde hair is sitting at the desk, looking at the monitor. They are all wearing dark school sweaters with a white collar and a red stripe. The sweater of the boy in the foreground has the text 'Creagh College' on it. A pair of black headphones is on the desk in the foreground. The background shows a window with a view of greenery outside.

Cuireann BOOPLLG  
an fhoghlaim  
agus an foghlaimoir  
ag croílár a sholáthar  
oideachais agus  
oiliúna.

# Clár na nÁbhar

Réamhrá	2
Fáilte	3
Achoimre Feidhmiúcháin	4
Próifíl BOOPLLG	8
An Creat Rialachais agus Reachtach	14
An Tírdhreach Oideachais agus Oiliúna in Éirinn	15
Ráiteas Straitéise 2018-2022 a Fhorbairt	20
Spriocanna Straitéiseacha	21
Cur Chun Feidhme agus Monatóireacht	34
<b>Aguisíní</b>	<b>35</b>
1. Comhaltaí BOOPLLG	36
2. Coláistí agus Ionaid BOOPLLG	37
3. Rannpháirtíocht BOOPLLG i gCoistí agus Struchtúir Sheachtracha	38
4. Liosta Giorrúchán	39

# Réamhrá

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Tá áthas mór orm Ráiteas Straitéiseach 2018-2022 Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a chur i láthair. Seo an chéad ráiteas straitéise arna tháirgeadh ag ár n-eagraíocht nuachruthaithe agus leagtar amach ár mbunluachanna, ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha leis. Leis an ráiteas seo, déanfar ár n-eagraíocht a mhúnlú agus a threorú thar thréimhse chúig bliana de réir mar a leanaimid chun seirbhísí oideachais agus oiliúna nuálacha agus ardchaighdeáin a sholáthar dár bpobal. Táimid bródúil as an ról ríthábhachtach a bhí againn i dtéarnamh ár náisiúin ó na géarchéimeanna eacnamaíocha trámacha sna blianta deireanacha seo agus beidh ár gcuid seirbhísí fós ríthábhachtach má tá na gnóthachtálacha a saothraíodh go dian sna blianta sin chun leanúint ar aghaidh.

Agus sin ar intinn agam molaim an ráiteas straitéise seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó mo chroí a ghabháil le mo chomhchomhaltaí ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár bhfoireann uile agus leis na páirtithe leasmhara iolracha a rannchuidigh le forbairt na straitéise seo. Níl amhras ar bith orm go leanfaidh ár ndaoine, agus iad ag obair le chéile, chun dul i ngleic leis an dúshlán de sheirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, cuimsitheacha, freagrúla agus nuálacha a sholáthar dár bpobal.

Le gach dea ghuí.

**An Clr. Jim Ó Móra**  
Cathaoirleach, BOOPLLG

# Fáilte

## Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (BOOPLLG) a chéad Ráiteas Straitéise riamh a fhaomhadh i mBealtaine 2018. Leis an doiciméad seo, soláthrófar an treoir straitéiseach dár n-eagraíocht don tréimhse chúig bliana, 2018 go 2022. Is ionann an Ráiteas Straitéise agus buaic de bheagnach bliain iomlán de chomhairliúchán le grúpa leathan de pháirtithe leasmhara agus an fhoireann, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaiméoirí, Boird Bhainistíochta, comhaltaí an Bhoird, comhlachtaí reachtúla áitiúla agus náisiúnta, tionsclaíocht, ionadaithe gnó agus comhpháirtithe oideachais eile san áireamh leo.

Trí phróiseas an chomhairliúcháin baineadh comhdhearcadh amach i dtéarmaí Físe, Misin agus Bunluachanna do BOOPLLG. Tá sé de rún agam, le tacaíocht ó mo chomhghleacaithe agus ón mBord, chun a chinntiú go mbeidh dlúthbhaint ag na luachanna comhaontaithe de 'Meas', 'Cuntasacht', 'Fócas ar Fhoghlaiméoirí' agus 'Cáilíocht' lenár gcuid oibre thar na cúig bliana le teacht. Tá ár Spriocanna Straitéiseacha ag teacht le beartais náisiúnta amhail Creat um Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 na Roinne Oideachais agus na pleananna bliantúla gaolmhara, Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 SOLAS, agus Plean Corparáideach 2017-2019 SOLAS d'fhonn a chinntiú go mbeadh contaetha Phort Láirge agus Loch Garman chun tosaigh maidir le córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a dhéanamh ina chóras is fearr san Eoraip faoi 2026.

Teastaíonn plean cur chun feidhme láidir ó Ráiteas Straitéise. Trínár dtrí cholún eagraíochtúla de Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, cinnteofar go ndéanfar an straitéis a bheochan ar fud na heagraíochta i ngach scoil, ionad agus clár agus go gcuirfear na tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha chun feidhme le linn thréimhse an phlean. Táimid meáite ar chlár oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a sholáthar dár ndaltaí agus dár bhfoghlaiméoirí agus leis an bplean seo leagtar amach modh stóinseach, dúshlánach agus indéanta chun a chinntiú do ndéanaimid foghlaim a threorú agus ár n-ábharthacht a fheabhsú dár bpobal de níos mó ná 260,000 duine.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd a ghlac an t-am chun rannchuidiú leis an bpróiseas seo. Bhí sé ina údar misnigh dom spéis mhór ár bhfoirne a thabhairt faoi deara agus iad ag cinntiú go ndéanaimid sinn féin a chur chun cinn mar eagraíocht phroifisiúnta, dírithe ar an bhfoghlaiméoir ag a bhfuil éirim mhothúcháin. Oibreoidimid anois chun an caighdeán is airde is féidir de chur chun feidhme a bhaint amach dár bhfoghlaiméoirí le linn na tréimhse 2018-2022 agus níos faide anonn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Bord BOOPLLG as a chuid dlúthchomhair leis an bhfeidhmeannas chun an Ráiteas Straitéise seo a tháirgeadh. Déanfaidh mise agus mo chomhghleacaithe an próiseas de chur chun feidhme an phlean a threorú d'fhonn a chinntiú go ndéanfar ár bhFís, Misean, Bunluachanna agus Spriocanna Straitéiseacha a réadú.

### Caoimhín Ó Lobhaois

Príomhfheidhmeannach, BOOPLLG


# Achoimre Feidhmiúcháin

Is doiciméad ardleibhéil é Ráiteas Straitéise BOOPLG, atá beartaithe chun na príomhréimsí a threorú agus a stiúradh maidir le pleanáil don todhchaí laistigh de BOOPLG don tréimhse 2018-2022. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis próiseas comhairliúcháin cuimsitheach agus Bord BOOPLG, boird bhainistíochta, an fhoireann, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí is aosaigh, leasanna gnó agus eacnamaíocha, fostóirí, údaráis áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach ann.

Bhí ról tábhachtach ag an bpróiseas seo maidir leis an saineolas suntasach agus éagsúil, taithí agus uailmhianta atá laistigh dár n-eagraíocht mhór agus chasta a thabhairt le chéile. Is féidir linn anois an fhís, an misean agus na bunluachanna a lua go sainráite lena ndéantar ár gcúig sprioc straitéiseacha uileghabhálacha a mhúnlú, a ndéantar sraith tosaíochtaí straitéiseacha a ghiniúint le gach ceann acu a chomhlíonfar trí roinnt gníomhaíochtaí tacaíochta.

Cuireann BOOPLG an fhoghlaim agus an foghlaimeoir ag croílár a sholáthar oideachais agus oiliúna. Sa bhreis ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí agus riachtanais athraitheacha fostóirí a chomhlíonadh, tá riachtanais na bpobal agus na ngeilleagar áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta de thábhacht chriticiúil dúinn.

Léiríodh go soiléir leis an bpróiseas comhairliúcháin go bhfuil an fhoireann agus páirtithe leasmhara ag obair i dtreo comhsprice: timpeallacht chuimsitheach agus thacúil do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí d'fhonn iad a chuidiú a bpoitéinseal iomlán a réadú. Tá prionsabail na hionracais agus an chomhionannais inár gcuid oibre agus inár ndéileáil le páirtithe leasmhara ríthábhachtach do bhaint amach ár bhfíse. Go bunúsach, creidimid go bhfuil conaire foghlama ann do chách agus gur cheart go mbeadh eispéireas an oideachais ina eispéireas trasfhoirmithe do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.



### Spríoc Straitéiseach 1: Cláir Oideachais agus Oiliúna Ardchaighdeáin

Is ionann soláthar clár oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin agus ár bpríomhghnó. Lenár dtosaíochtaí agus gníomhaíochtaí faoin spríoc seo déantar iarracht leanúint lenár gcuid oibre sármhaithe sa réimse seo. Déanfaimid ár gcumas a fhorbairt chun riachtanais oideachais agus oiliúna athraitheacha ár bpobail a chomhlíonadh, rochtain a chinntiú d'fhoghlaimoírí uile ar chláir iomchuí agus na caighdeáin is airde de dhearbhu cáilíochta a chur chun feidhme d'fhonn gnóthachtáil na ndaltaí agus na bhfoghlaimoírí a uasmhéadú. Déanfaimid naisc láidre a fhorbairt freisin idir soláthraithe oideachais agus oiliúna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Tacóidh BOOPLLG le cultúr féinmheasúnaithe agus leanfaidh sé chun athchóiriú an oideachais a chur chun feidhme thar raon clár. Oibreoidimid le QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) d'fhonn ár nAonad Dearbhaithe Cáilíochta féin a fhorbairt mar aon le Bord Rialachais um Dhearbhú Cáilíochta BOOPLLG agus beidh an dá cheann acu ina dtacaíocht dár bhfoghlaimoírí agus iad ag iarraidh na leibhéil is airde gnóthachtála agus creidiúnaithe a bhaint amach. Chuige sin, leanfaimid chun comhoibriú earnála láidir a fhorbairt laistigh dár n-eagraíocht mar aon le comhpháirtíochtaí le comhlachtaí seachtracha. Trí thionscnaimh nua amhail Music Generation cuirfear ar ár gcumas raon agus raon feidhme sholáthar oideachais BOOPLLG i ngach contae a fheabhsú go mór.

## **Spríoc Straitéiseach 2: Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt**

Ní éireoidh le heagraíocht chomh casta le BOOPLLG, a chlúdaíonn limistéar geografach chomh leathan agus atá bainteach le hiolracht de shuíomhanna oideachasúla, ach laistigh de struchtúr eagraíochta atá oiriúnach don fheidhm. Leanfaimid chun ár seirbhísí tacaíochta a fhorbairt d'fhonn éifeachtúlacht a uasmhéadú agus tacaí gairmiúla a sholáthar dár múinteoirí agus dár n-oiliúnóirí líne tosaigh. Cuirfimid luach ar leith ar chaighdeán arda maidir le ceannasaíocht agus eitic oibre araon laistigh dár n-eagraíocht.

Tá ar gcuid freagrachtaí corparáideacha an-tábhachtach dúinn agus trínár dtosaíochtaí agus gníomhaíochtaí sa réimse seo bainfimid na caighdeán is airde is féidir amach maidir le cuntasacht, rialachas agus comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla. Leanfaimid chun ár struchtúir bainistíochta riosca a fhorbairt.

Laistigh den réimse straitéiseach seo, measaimid go bhfuil sé criticiúil go soláthraímid saoráidí nua-aimseartha, úrscothacha dár gcoláistí agus ionaid uile. I gcásanna áirithe beidh foirgnimh nua, síntí agus/nó athchóirithe ar shaoráidí reatha ag teastáil uaidh sin.

## **Spríoc Straitéiseach 3: Ár nDaoine ag Obair Le Chéile**

Ar feadh phróiseas an chomhairliúcháin, dhearbhaigh ár gcomhpháirtithe uile an tábhacht a bhaineann le caidrimh láidre a fhorbairt. Beidh siad siúd criticiúil má táimid chun ár n-uaimhian a réadú, ní hamháin chun timpeallacht foghlama atá fáilteach agus táirgiúil a sholáthar dár ndaltaí ach chomh maith leis sin chun ár bhfoireann a chumhachtú a gcuid tiomantas a chomhlíonadh don eagraíocht agus dár bpobal níos leithne laistigh de thimpeallacht oibre atá sásúil agus fiúntach.

Teastóidh ónár ngníomhaíochtaí agus tosaíochtaí sa réimse seo go ndéanfar Beartas um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt. Soláthróimid deiseanna dár bhfoireann uile chun páirt a ghlacadh i FGL ábhartha lena ndéanfar ár soláthar seirbhíse dár ndaltaí agus foghlaimoírí a fheabhsú agus lena ligfear don fhoireann a poitéinseal féin a réadú chomh maith.

Déanfaimid iarracht foireann shármhaith a earcú agus a choinneáil agus chun áit oibre nua-aimseartha fhorchéimnitheach a sholáthar, ina mbeidh folláine na bhfostaithe fíorthábhachtach. Is é ár n-aidhm BOOPLLG a dhéanamh ina áit oibre tosaíochta i dtimpeallacht earcaíochta atá ag éirí níos iomaíche.



#### **Spríoc Straitéiseach 4: Comhpháirtíochtaí agus Comhoibrithe**

Tá ár gceathrú spríoc straitéiseach fócasaithe ar cheann dár ról is tábhachtaí laistigh den earnáil oideachais: comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe buana a chothú agus a fhorbairt. Mar cheannaire ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar fud limistéar geografach leathan agus thar speictream leathan de shuíomhanna oideachais agus oiliúna, beidh comhpháirtíochtaí éifeachtacha criticiúil dár rath.

San áireamh leis na comhpháirtíochtaí sin beidh na cinn laistigh dár n-eagraíocht féin, agus rannóga éagsúla ag obair le chéile chun torthaí d'fhoghlaimoirí a uasmhéadú. Tá cuntas teiste cruthaithe againn d'oibriú le gníomhaireachtaí eile arna maoiniú ag an rialtas, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, ranna eile an rialtais, údaráis áitiúla, NEPS, TUSLA, NCSE agus soláthraithe oideachais agus oiliúna eile san áireamh. Oibrímid go dlúth le ceardchumann agus leasanna gnó; oibrímid go dlúth freisin le foghlaimoirí agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.

Déanfaidh BOOPLLG a ról lárnach sa líonra seo de pháirtithe leasmhara a ghiaíil d'fhonn na hacmhainní atá ar fáil dár bpobail foghlama a uasmhéadú agus chun a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin go héifeachtúil.

#### **Spríoc Straitéiseach 5: Cumarsáid**

Faoin spríoc straitéiseach seo oibreimid chun ár gcórais agus cleachtais chumarsáide inmheánaí agus seachtraí a fheabhsú. Mar gheall ar réimse na teicneolaíochta cumarsáide atá ag fabhrú go mear agus atá ina ghné shainitheach den saol sa 21ú aois, tá go leor dúshlán agus deiseanna corraitheacha ann maidir le cumarsáid éifeachtúil laistigh agus lasmuigh dár bpobail oideachais agus oiliúna éagsúla.

Tá tús áite tugtha againn do struchtúr cumarsáide éifeachtach ar bhonn foirmiúil a bhunú lena dtabharfar tacaíocht ní hamháin do scaipeadh faisnéise ach do bhailiú aiseolais ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus ó fhoghlaimoirí chomh maith a theastaíonn i dtaca le féinmheasúnú agus forbairt leanúnach.

Oibreimid freisin chun féiniúlacht bhranda láidir a fhorbairt do BOOPLLG, laistigh den eagraíocht agus i measc an phobail i gcoitinne araon, agus ar an mbealach sin feacht níos láidre a chur chun cinn maidir linne agus an méid a dhéanaimid.

# Próifíl BOOPLLG

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Loch Garman agus Phort Láirge (BOOPLLG) an 1 Iúil 2013. Corpraíodh Ionaid Oiliúna Solas i bPort Láirge agus Loch Garman lena raon seirbhísí ar bhonn oifigiúil an 1 Eanáir 2014. Ó shin amach, sholáthair BOOPLLG raon cuimsitheach de sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus is é an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó thar an dá chontae trí Choláistí Dara Leibhéal, Coláistí Breisoideachais, Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, cláir Oideachais d'Aosaigh, tionscnaimh Oideachais Pobail agus Seirbhísí Óige lena soláthraítear cláir oideachais agus oiliúna.

Agus níos mó ná 1,600 ball foirne aige is fostóir suntasach é BOOPLLG san oirdheisceart agus tá sé bródúil as bheith ina fhostóir den chéadrogha d'fhostaithe ionchasacha.



## FÍS

Is é aidhm BOOPLLG an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeán, cuimsitheacha, freagrúla agus nuálacha a sholáthar inár bpobal.



## MISEAN

Is é misean BOOPLLG raon leathan de chláir, seirbhísí agus tacaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, daoine óga agus aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

Is iad na bunluachanna atá ina dtreoir dúinn agus ár seirbhísí á soláthar againn:

1

### MEAS

**An chiall atá leis:**

Caithimid le daoine eile de réir mar a bheimisag súil go gcaithfí linne, déanaimid rúndearfach a thoimhdiú, measaimid go bhfuil luach ag cách agus caithimid le cách le cúirtéis.

**Conas a oibríonn sé:**

Cuirimid luach ar éagsúlacht agus cuirimid dúshlán faoinár bpáirtithe leasmhara chun ionbhá agus cothroime a léiriú go comhsheasmhach; chun iarracht a chúiteamh; agus caitheamh le cách ar bhonn cothrom.

2

### CUNTASACHT

**An chiall atá leis:** Glacaimid úinéireacht iomlán ar sholáthar freagrachtaí tarmligthe ár ról agus ar fhreagacht chomhchoiteann na foirne láithrí agus níos leithne, d'fhonn na caighdeáin ghairmiúla is airde a bhaint amach.

**Conas a oibríonn sé:** Trí bheith proifisiúnta agus dílis don eagraíocht, ag déanamh ár ndícheall chun torthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, ionraic agus follasach, agus trí fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh ina n-iomláine.

3

### AN FÓCAS AR FHOGHLAIMEOIRÍ

**An chiall atá leis:**

Tá ar bhfócas dírithe ar fhoghlaimoirí a chumasú a bpoitéinseal a uasmhéadú.

**Conas a oibríonn sé:**

An fhoireann ag obair le chéile chun seirbhís chuimsitheach, fhreagrúil, nuálach, dhearfach agus thacúil a sholáthar d'fhoghlaimoirí.

4

### CÁILÍOCHT

**An chiall atá leis:** Déanaimid ár ndícheall chun na caighdeáin is airde a sholáthar d'fhonn poitéinseal an fhoghlaimora a uasmhéadú.

**Conas a oibríonn sé:** Baintear dearbhú cáilíochta amach trí cheannasaíocht, tríd 'an barra a ardú', agus trí chaigh deáin arda a leagan amach maidir le heitic oibre agus trí iad a éileamh ar dhaoine eile agus trí bheith tiomnaithe, proifisiúnta agus dírithe ar thorthaí.



**23,625** DALTA AGUS  
FOGHLAIMEOIR



**1,629**  
BALL FOIRNE



**2,152**  
CÚRSA

**24**


IONAD  
BREISOIDEACHAIS  
AGUS OILIÚNA

**13**

CHOLÁISTE  
IAR-BHUNSCOILE  
(AGUS 1 CHOLÁISTE PLC  
[IAR-ARDTESITIMÉIREACHTA  
SAN ÁÍREAMH])



**3** PHOBALSCOIL FAOI  
CHOIMIRCE BOOPLLG



BUISÉAD  
BLIANTÚIL  
**€100m**



TACAÍOCHT  
ARNA  
SOLÁTHAR DO  
**392**  
CUIDEACHTA



**2**  
CHLÁR  
'MUSIC  
GENERATION'



**30**  
PRINTÍSEACHT  
ARNA DTACÚ  
(AGUS 13 CHEANN  
INTI SAN ÁÍREAMH)

PROCESSING  
CONTROL



## Tacaíocht dár bhFoireann

Glacann BOOPLLG lena chuid freagrachtaí maidir le tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus déanann sé a dhícheall ní hamháin chun bheith ina cheann scríbe foghlama tosaíochta dár bhfoghlaimoirí ach ina áit fhiúntach chun oibriú inti freisin. Táimid an-fheasach go bhfuil ár bhfoireann líne tosaigh inár gcoláistí, ionaid agus oifigí an-tábhachtach maidir le fíís BOOPLLG a réadú. Maidir leis sin, is é aidhm BOOPLLG tacaíocht a thabhairt dá fhoireann ina cuid iarrachtaí chun a poitéinseal iomlán a bhaint amach agus tá sé tiomanta do dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar don fhoireann. Déanann BOOPLLG a dhícheall freisin chun a chinntiú go mbíonn folláine na foirne chun tosaigh ina straitéis le haghaidh timpeallacht oibre dhearfach a chruthú.

## Cumarsáid, Brandáil agus Margáocht

Ós rud é go bhfuil BOOPLLG ina eagraíocht measartha nua, cuirtear béim ar leith leis an Ráiteas Straitéise seo ar an tábhacht a bhaineann le clú láidir a fhorbairt don eagraíocht, bunaithe ar a chuntas teiste den fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, cuimsitheacha, freagrúla agus nuálacha a sholáthar. Is tionchar suntasach an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag BOOPLLG ina chuid pobal agus oibreimid go dian chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach.

## Caidrimh

Tar éis comhairliúchán fairsing lenár bpáirtithe leasmhara, tá sé soiléir gur cheart go mbeadh forbairt agus coimeád caidreamh ag croílár ár straitéise agus ár bhfíse don toadhchá; léiríodh

an dearcadh sin ag daltaí, foghlaimoirí, foireann agus lucht bainistíochta. Dá réir sin, cuireann BOOPLLG béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le forbairt caidreamh láidir comhthairbhiúil a éascú ar gach leibhéal den eagraíocht d'fhonn pobal láidir agus dinimiciúil a chruthú a chuireann luach ar chomhchodanna na heagraíochta.

## Ceartha an Duine agus Comhionannas

Tá ceartha an duine agus comhionannas ag croílár ár dtiomantas do cháilíocht agus do chaighdeáin arda i dtaca le hoideachas agus oiliúint a sholáthar agus i bhfostaíocht.

- Cuirfidh BOOPLLG riachtanais agus uailmhianta na bpobal éagsúil agus na bh foghlaimoirí éagsúla inár scoilcheantar agus ár bhfoirne in ord tosaíochta agus freagróimid orthu siúd;
- Tá BOOPLLG tiomanta do chomhlíontacht maidir lena dhualgas earnála poiblí (an tAcht IHREC 2014) chun idirdhealú a dhíbirt, comhdheiseanna a chur chun cinn agus ceartha an duine a chosaint agus a chuid feidhmeanna á gcur chun feidhme aige;
- Déanfaidh BOOPLLG cásmhaireacht do chomhionannas agus do chearta an duine a leabú ina chláir agus oibríochtaí uile.

## Music Generation

In 2017, d'aimsigh BOOPLLG maoiniú suntasach do Chontae Phort Láirge agus Contae Loch Garman araon faoin gclár náisiúnta Music Generation. Is ionann sin agus deis chun soláthar oideachais do leanaí a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh ó aois réamhscoile go haois meánscoile sa dá chontae laistigh de raon leathan de shuíomhanna na seirbhíse oideachais agus óige.



# An Creat Rialachais agus Reachtach

De réir mar atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, is ionann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus údarás oideachais agus oiliúna áitiúil agus reachtúil. Rialaítear BOOPLLG ag bord atá comhdhéanta de 21 comhalta. San áireamh leis sin tá dhá ionadaí déag ó Chomhairlí Cathrach agus Contae áitiúla Phort Láirge agus Loch Garman, dhá chomhalta arna dtoghadh ón bhfoireann, dhá ionadaí de na tuismitheoirí/caomhnóirí; agus cúig chomhalta ag a bhfuil saineolas ar oideachas agus oiliúint lena n-áirítear ionadaí na bhfoghlaiméoirí agus ionadaí gnó. Tugann boird bhainistíochta i ngach ceann de na trí choláiste déag de chuid BOOPLLG tacaíocht bhreise d'obair na heagraíochta.

De réir na bhfeidhmeanna forchoimeáda atá leagtha amach faoi Alt 12(i) den Acht, bhunaigh BOOPLLG roinnt Coistí chun tacú lena chuid oibre. Is iad siúd:

- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Iniúcháireachta
- An Coiste um Obair don Ógra
- Ceithre Choiste Ceantair: Port Láirge Thiar & Láir, Cathair Phort Láirge & an Trá Mór, Loch Garman Theas, Loch Garman Thuaidh

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise do BOOPLLG de réir Alt 27 den Acht BOO.

Rialaíonn  
Bord de 21  
comhalta  
BOOPLLG





# An Tírdhreach Oideachais agus Oiliúna in Éirinn

## Reachtaíocht agus Rialáil

Ar leibhéal náisiúnta, aithníodh oideachas agus oiliúint mar phríomhthosaíocht ag an rialtas. Tugtar an nasc idir oideachas agus comhionannas, agus le rathúnas eacnamaíoch freisin, chun suntais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016. Meastar go bhfuil barr feabhais agus nuáil in oideachas agus oiliúint ina ngnéithe tábhachtacha chun daoine aonair a chumasú a bpoitéinseal a réadú agus chun ár rath mar thír a chinntiú. Le blianta beaga anuas, rinneadh roinnt athruithe suntasacha laistigh den oideachas agus oiliúint in Éirinn. Mar thoradh ar an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 bunaíodh 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus tugadh cód cleachtais isteach freisin in 2015 le haghaidh BOOnna a rialú. Bunaíodh an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) mar thoradh ar an Acht um Breisoideachas agus Oiliúint 2015, agus bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

## Forbairtí Beartais

Tá roinnt príomhfachtóirí ag múnlú soláthair maidir le hoideachas agus oiliúint in Éirinn faoi láthair. I bPlean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) le haghaidh Oideachais 2016–2019, déantar tagairt ar leith do chur chun feidhme an Chreata nua don tSraith Shóisearach lena mbunaítear na cleachtais mhúinteoireachta, foghlama agus measúnaithe a bhaineann le clár na sraithe sóisearaí. Baineann impleachtaí suntasacha le pleanáil DEIS maidir le deiseanna agus torthaí do na pobail sin atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta.

In earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna (FET), is léir go bhfuil athrú á spreagadh ag beartas. Is é uailmhian Straitéis Breisoideachais SOLAS 2016–19 agus Phlean Corparáideach SOLAS 2017–19 an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a sholáthar. Maidir le modheolaíochtaí, d'fhoilsigh Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), i gcomhpháirtíocht le SOLAS, straitéis le déanaí i dtaca le foghlaim arna feabhsú le teicneolaíocht. Mar thoradh ar athbhreithniú ar phrintíseachtaí forbraíodh roinnt printíseachtaí nua.

## Fachtóirí Socheacnamaíocha

De réir mar a thagaimid amach as an meathlú geilleagair, tá geilleagar agus margadh saothair na hÉireann ag athrú. Tá BOOPLLG ag obair i dtimpeallacht atá ag athrú ina bhfuil sé riachtanach níos mó a sholáthar leis na hacmhainní atá ar fáil agus ag an am céanna a chuid oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh maidir le rialachas, comhlíonadh agus tuairisciú. Tá iarmhairt mhór fós ag an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011 ar an eagraíocht agus leanfaidh sé le tionchar a imirt ar chuid de phríomhfheidhmeanna sheirbhísí eagraíochta agus airgeadais BOOPLLG de réir mar a bhogaimid i dtreo seirbhísí comhroinnte ar fud na hearnála.

## Forbairtí Teicneolaíochta

Tá tionchar suntasach ag dul chun cinn na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar an riarachán. Le blianta beaga anuas, tá fás as cuimse tagtha ar úsáid na líonraí gan sreang, na néalseirbhísí, na ngléasanna móibíleacha agus na meán sóisialta. Imlínítear na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht agus uirlisí digiteacha a dhaingniú san earnáil oideachais agus oiliúna sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015–2020 de chuid na Roinne agus sa Straitéis don Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint 2016–2019 de chuid SOLAS.


## An Ghné Réigiúnach

I gCathair agus Contae Phort Láirge, aibhsítear sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2015–2020 (PÁEP) an deis a chruthaítear le cónascadh Chomhairlí Cathrach agus Contae Phort Láirge chun fíis amháin a fhorbairt don réigiún: fíis a mbeadh réigiún láidir inbhuanaithe beoga le maireachtáil, obair, agus infheistiú ann mar thoradh air. Faoi láthair, níl cáilíocht tríú leibhéal nó níos mó ach ag 18.6% den daonra, i gcomparáid leis an meán náisiúnta 24.6%. I gcás 16.2%, níl aon oideachas foirmiúil nó níl ach oideachas bunleibhéil acu. Tá daonra réasúnta óg ag Cathair agus Contae Phort Láirge, le 33% (23,580) faoi cheithre bliana déag d'aois. Cé go dtugtar le fios le hinnéacs HP Pobal do Phort Láirge réimse leathan ar an scála rachmais/díothachta, is é ceantar cathrach Phort Láirge an dara ceantar is díothaí i réigiún an oirdheiscirt, le naoi is fiche as an seacht dtoghcheantar is tríocha ar thaobh díothachta an scála. Tá ráta dífhostaíochta an chontae ar an iomlán os cionn an mheáin náisiúnta, agus tá seacht n-ardcheantar dífhostaíochta ann ina bhfuil an ráta dífhostaíochta dhá oiread an mheáin náisiúnta – cúig cinn i gCathair Phort Láirge agus dhá cheann i gceantar Thrá Mhór/Chathair Phort Láirge Thiar.

Tá BOOPLLG i gcaoi mhaith le freagairt do na dúshláin agus na deiseanna atá i réigiún Phort Láirge i leith oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil, agus i leith tacú le pobail inbhuanaithe a fhorbairt le haird ar ionchuimsiú sóisialta.

I bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) Loch Garman, aibhsítear go bhfuair 18.5% díobh siúd a chríochnaigh a n-oideachas i gContae Loch Garman caighdeán 'Gan Oideachas Foirmiúil/Bunoideachas' agus gur bhain 20.7% 'Iar-bhunoideachas Sóisearach' amach (i gcomparáid le meán náisiúnta 15.2% agus 16.6% faoi seach). Tá an ghnóthachtáil tríú leibhéal i gContae Loch Garman an-íseal ar fad agus seasann sí ag 20.9% faoi láthair – an tríú líon is ísle sa Stát. Maidir le fostaíocht, déanann 17.2% daoine fostaíthe comaitéireacht amach as Contae Loch Garman le haghaidh oibre. In 2014, bhí 16,268 de dhaonra Chontae Loch Garman dífhostaithe – ba shin méadú 142% ar fhigiúr 2007 agus ceann de na rátaí dífhostaíochta is airde a bhí roimh údarás áitiúil in Éirinn in 2014.

## Láithreacha na nIonad i BOO Phort Láirge agus Loch Garman



### Coláistí Iar-Bhunscoile

- Coláiste Bhaile an Droichid
- Gairmcholaíste Bhun Clóidí
- Coláiste Abbáin
- Coláiste an Átha
- Coláiste Chathail Naofa
- Coláiste na Craobhaí
- Gairmcholaíste Inis Córthaidh
- Coláiste Uí Chinnéide
- Meánscoil San Nioclás
- Coláiste Sheilscire
- Coláiste Phobail Déagláin Naofa
- Coláiste Pobail Naomh Pól

### Coláiste Iar-Ardeistiméireachta

- Coláiste Breisoideachais Phort Láirge

### Pobalscoileanna ina bhfuil BOOPLG ina chomhphátrúin

- Pobalscoil na hAbhann Duibhe
- Pobalscoil Ghuaire
- Pobalscoil na Gráinsí

### Ionaid Riaracháin

- Ceannoifig, Ard Chaomhán, Loch Garman
- Fo-Oifig Dhún Garbhán
- Ionad Oiliúna Phort Láirge

### Ionaid Ógtheagmhála

- Dhún Garbhán
- Inis Córthaidh
- Guaire
- Ros Mhic Thriúin
- Ionad Subla Phort Láirge
- Trá Mhór
- Port Láirge
- Loch Garman

### Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór
- Ionad Oideachais d'Aosaigh Loch Garman, an Geata Thiar, Loch Garman
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman
- Ionad Aosoideachais Dhún Garbhán
- Ionad Phort Láirge don Fhoghlaim Aosach, Cearnóg an Iarnróid, Port Láirge
- SDOG Phort Láirge, Durands Court, Port Láirge
- SDOG Ionad Breisoideachais Phort Láirge, Burchall House, Port Láirge
- Ionad Oiliúna Phort Láirge
- Ionad Oiliúna Loch Garman

### Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Siol Beagáin

I gContae Loch Garman, tá líon faoin meán teaghlach i ngrúpaí socheacnamaíocha níos airde (fostóirí agus bainisteoirí, gairmithe ar ardghrád agus gairmithe ar ísealghrád). Chuaigh líon na 'Náisiúnach Neamh-Éireannach' i méid i Loch Garman faoi 153% (+8,143) freisin ó 2002 go 2011. Tá an ráta méadaithe sin níos airde ná an meán náisiúnta 143% agus léiríonn sé dúshlán suntasach do sholáthraithe seirbhísí a bhfuil sé mar chúram acu uileghabhálacht a chur chun cinn agus éagsúlacht chultúrtha a chur san áireamh.

Aibhsíodh na riachtanais agus na saincheisteanna a leanas i gcomhair Loch Garman tríd an bpróiseas comhairliúcháin do PÁEP agus sa tuarascáil AIRO:

- Gnóthachtáil oideachasúil, oideachas ar feadh an tsaoil, ullmhacht chun oibre agus rochtain ar fhostaíocht
- Bonneagar agus éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú
- Borradh a chur faoin ngeilleagar agus gnólachtaí a mhealladh
- Caighdeán na beatha i gContae Loch Garman
- Ionchuimsiú sóisialta agus pobail inbhuanaithe
- Oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a uasmhéadú agus na healaíona a fhorbairt

Tá BOOPLLG i gcaoi mhaith le freagairt do na riachtanais agus na dúshláin a sainithníodh i gContae Loch Garman maidir le gnóthachtáil oideachasúil, oideachas ar feadh an tsaoil, ullmhacht chun oibre, rochtain ar fhostaíocht, ionchuimsiú sóisialta agus pobail inbhuanaithe.

Tá ionadaíocht ag BOOPLLG ar choistí stiúrtha agus ar fhochoistí LCDC i bPort Láirge agus i Loch Garman, Phlean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Poist, agus Fhóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt agus oibríonn sé go dlúth leo. Téimid i gcomhairle go dlúth le hearnáil na tionsclaíochta freisin trí bhallraíocht ar Chomhlachais Tráchtála agus CGFÉ (IBEC). Tacaíonn ár nAonad Seirbhísí do Ghnó leis na céadta fostóirí. Ina theannta sin, tá ionadaíocht againn in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus oibrímid go dlúth leo.

Agus Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta ar tí achtaithe, tá an feachtas i dtreo forbairt réigiúnach agus borradh post san oirdheisceart ag céim ríthábhachtach. Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag bunú Ollscoile Teicneolaíochta san oirdheisceart maidir le cruthú post agus forbairt réigiúnach a thiomáint. Dírionn an fhorbairt bheartaithe ar bhuntáiste réigiúnach iomaíoch a chruthú bunaithe ar nuálaíocht theicneolaíoch agus ar chomhpháirtíocht scileanna, taighde agus fiontraíochta. Cruthaíonn sé dúshlán agus deiseanna iontacha do BOOPLLG ó thaobh a chuid seirbhísí a shocrú agus seirbhís den scoth a sheachadadh do réimse páirtithe leasmhara agus pobal.

I gcomhthéacs na hiar-bhunscoile, leis an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) cruthaítear deiseanna tábhachtacha do choláistí BOOPLLG freisin. Seachadann foilsíú an Bhille ar thiomantas i gClár an Rialtais chun reachtaíocht nua maidir le ligean isteach i scoileanna a fhoilsiú a chuireann dualgas ar scoileanna beartas maidir le rollú scoile a fhoilsiú, deireadh a chur le liostaí feithimh, struchtúir bhliantúla maidir le rollú a thabhairt isteach, agus trédhearcacht agus cothroime a chinntiú do dhaltáí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i leith ligean isteach. Tá sé mar aidhm ag an mBille go mbeadh sé níos éasca do thuismitheoirí/chaomhnóirí a leanaí a rollú i scoileanna a shásaíonn na riachtanais atá acu. Tá sé sin comhsheasmhach le haidhm BOOPLLG maidir le hoideachas foghlaimoír-lárnach a sheachadadh i saoráidí caighdeánacha atá mar chéadrogha na ndaltaí.

## Obair don Ógra

San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013), Alt 10, imlínítear freagracht reachtach BOOPLLG maidir le hObair don Ógra agus cuirtear de chúram air tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú na seirbhísí don ógra.

Tá plean forbartha ag Coiste Oibre don Ógra BOOPLLG a bhunaíonn an obair don ógra mar phróiseas oideachasúil neamhfhoirmiúil agus mar chuid lárnach den fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Leis an bplean, táthar ag lorg naisc níos dlúithe le seirbhísí eile oideachasúla agus oiliúna lena n-áirítear coláistí, Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Oiliúna Pobail agus Cláir Chríochnaithe Scolaíochta laistigh de BOOPLLG. Tá sé mar aidhm aige freisin naisc níos dlúithe a fhorbairt le struchtúir idirghníomhaireachta ar nós CSLDÓ agus LCDC.

Faoi láthair, maoiníonn BOOPLLG trí thionscadal foireann-treoraithe dhéag faoi Thionscadail Speisialta don Ógra (SPY), faoin gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (CÁSDÓ) agus faoin tSeirbhís Eolais don Óige (SEÓ). In 2018, táthar ag súil go riarfaidh BOOPLLG roinnt tionscadail foireann-treoraithe atá á maoirsiú ag FSS faoi láthair. Tá sé beartaithe ag BOOPLLG iarratas a chur isteach ar thionscadail nua agus mhéadaithe araon faoin tsamhail Athbhreithnithe um Chistiú Clár don Ógra atá á tabhairt isteach ag an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óga (RLGÓ).

Tá tuairim is aon chéad grúpa don ógra á stiúradh ag oibrithe deonacha i limistéar BOOPLLG faoi láthair. Leithdháileadh cistiú dóibh siúd san am a chuaigh thart ag dhá scéim ar leith: an Deontas Bliantúil um Sheirbhísí don Ógra i gCathair Phort Láirge, agus an Scéim Deontas do Chlubanna Áitiúla don Ógra i gcontaetha Loch Garman agus Port Láirge. Ó 2018, maoiníofar na grúpaí faoin Scéim Deontas do Chlubanna Áitiúla don Ógra.

# An Ráiteas Straitéise 2018 – 2022 a Fhorbairt

Tá an Ráiteas Straitéise seo ann mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin a tharla in 2017. Rinneadh idir shonraí agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil a chur san áireamh sa taighde sin. Chuaigh BOOPLLG i dteagmháil le gach páirtí leasmhar, rud a chinntigh próiseas ionchuimsitheach. Bhí cruinnithe, seisiúin ghrúpaí fócais, ceistneoirí agus suirbhéanna ar líne i gceist leis an gcéim comhairliúcháin.

Chuathas i gcomhairle leis na grúpaí páirtithe leasmhara a leanas mar chuid d'fhorbairt an Ráitis Straitéise.

Grúpa Páirtithe Leasmhara	
Daltaí i gColáistí BOOPLLG	<b>Ionadaithe Páirtithe Leasmhara Seachtracha lena n-áirítear:</b>
Tuismitheoirí/Caomhnóirí Dhaltaí BOOPLLG	
Foghlaimoírí ar Chláir um Oideachas Aosach	
Múinteoirí i gColáistí BOOPLLG	
Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i gColáistí BOOPLLG	
Bainisteoirí agus Comhordaitheoirí in Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna BOOPLLG	
Gach Ball Foirne Tacaíochta BOOPLLG	
Baill na mBord Bainistíochta	
Comhaltaí BOOPLLG	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhlachais Tráchtála</li> <li>• An Roinn Oideachais agus Scileanna</li> <li>• CGFÉ (IBEC)</li> <li>• IT Cheatharlach</li> <li>• SOLAS</li> <li>• Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt</li> <li>• Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Poist</li> <li>• Tusla</li> <li>• Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge</li> <li>• IT Phort Láirge</li> <li>• Comhairle Contae Loch Garman</li> </ul>

Chuaigh dréachtaí den Ráiteas Straitéise timpeall chuig na grúpaí páirtithe leasmhara sa chéim deiridh den phróiseas comhairliúcháin agus chuaigh aiseolas ó na grúpaí sin i bhfeidhm ar an leagan deiridh.

Le linn an phróisis, forbraíodh ráitis físe agus misin do BOOPLLG agus sainithníodh eochair-spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhartha straitéiseacha gaolmhara. Rachaidh an Ráiteas Straitéise i bhfeidhm ar an bpleanáil i BOOPLLG le linn na tréimhse 2018-2022 agus déanfaidh na Pleananna Feidhmithe Bliantúla tagairt don Ráiteas Straitéise agus bainfear úsáid as na spriocanna, gníomhartha agus tosaíochtaí atá ann.

# Spriocanna Straitéiseacha

1  
Chun clár oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a chur ar fáil dár ndaltaí agus foghlaimoirí. Bainfear sin amach trí inrochtaineacht a chinntiú agus trí dheiseanna a sholáthar dár bpobal chun leas a bhaint as barr feabhais san oideachas agus san oiliúint.

5  
Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt. Bainfear é sin amach trí straitéis shoiléir a chur ar fáil, le tacaíocht ó Fhoireann Cumarsáide tiomanta, ó acmhainní cuí agus ó fheasacht ar bhranda BOOPLLG a fhorbairt.

2  
Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt: Bainfear sin amach trína chinntiú go gcuirimid na tacaíochtaí is airde cáilíochta ceannaireachta. Feidhmiúcháin agus riaracháin ar fáil d'fhorsa oibre spreagtha agus oifige, rud a chuirfidh taithe múniteoireachta agus foghlama ardchaighdeán ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do dhaltaí.

4  
Comhpháirtíochtaí agus comhoibríthe buana a chotú agus a fhorbairt trí bheith ionadaithe ar chomhlachtaí reachtúla ábhartha, gníomhaireachtaí, leasa gnó, ceardchumainn, ar ghrúpaí pobail agus san earnáil dheonach, agus oibríú ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chuige sin.

3  
Ár ndaoine ag obair le chéile: Tímpéallacht dhearfach oibre a chruthú ina gcúireann foireann dheacháilithe a n-uaschumas chun leas na ndaltaí agus na bhfoghlaimoirí le hairde a chur ar luachanna BOOPLLG. Tá sé sin dírithe ar chultúr comhghairmiúil leanúnach, ar mheon an-dearfach agus ar oscailteacht i leith tuismitheoirí/caomhnóirí agus páirtithe seachtrach a comhoibríthe agus meas a léiriú orthu siúd.

# 1

## SPRIOC STRAITÉISEACH

Chun cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a chur ar fáil dár ndaltaí agus foghlaimeoirí. Bainfear sin amach trí inrochtaineacht a chinntiú agus trí dheiseanna a sholáthar dár bpobal chun leas a bhaint as barr feabhais san oideachas agus san oiliúint.

### Tosaíocht Straitéiseach 1.1

#### Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeán a sholáthar

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 1.1.1 Modhanna múinte, foghlama agus teagaisc nua-aimseartha forchéimnithe a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc agus cleachtais mhúnlaithreacha teagaisc.
- 1.1.2 Tacú leis an dea-chleachtas sa mhúineadh agus san fhoghlaim inár gcoláistí agus inár n-ionaid ar fad tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).
- 1.1.3 Struchtúr do líonraí atá sainiúil don ábhar a fhorbairt i BOOPLLG ina bhféadann múinteoirí comhoibriú i bhforbairt na n-acmhainní foghlama agus múinte, i léamh na dtuairisceoirí cúrsa/ábhair agus smaointe, réitigh agus acmhainní a chomhroinnt.
- 1.1.4 Cabhrú le coláistí maidir le Clár nua na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm.
- 1.1.5 Dul i ngleic le hathbhreithniú leanúnach ar chláir na Sraithe Sóisearaí arna dtionscnamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar mhaithe le réimsí forbartha a mholadh i gcoláistí agus in ionad Ógtheagmhála.
- 1.1.6 Iarracht a dhéanamh líon na ndaoine a roghnaíonn ábhair ETIM (STEM) a mhéadú ar aon dul leis an tosaíocht atá sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- 1.1.7 Saoráidí ardchaighdeán nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil do dhaltaí, d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann, agus acmhainní agus deiseanna tacaíochta dul chun cinn a uasmhéadú ar an gcaoi sin.
- 1.1.8 Cinntiú go bhfuil bonneagar TFC ar an gcaighdeán is airde i bhfeidhm, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, líonraí gan sreang, stóráil néalbhunaithe, agus prótacail agus beartais maidir le húsáid idirlín.

### Tosaíocht Straitéiseach 1.2

#### Rochtain do gach foghlaimeoir a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt chuige sin

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 1.2.1 Díriú ar rochtain agus straitéisí a fhorbairt a laghdaíonn bacainní ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint agus comhionannas deiseanna a chinntiú do gach foghlaimeoir.
- 1.2.2 Líon na gcúrsaí oiliúna ábhartha agus na bprintíseach atá á oiliúint ag BOOPLLG a mhéadú trí chaidreamh feabhsaithe le gnólachtaí, tionscail agus comhlachtaí reachtúla áitiúla.
- 1.2.3 Soláthar na seirbhísí oideachais agus oiliúna do theifigh a fheabhsú.
- 1.2.4 Oibriú le treoirchomhairleoirí coláistí agus daoine fásta chun feasacht ar dheiseanna in oideachas tríú leibhéal agus i mbreisoideachas agus oiliúint a leathnú.



- 1.2.5 Tacú le haidhmeanna ‘Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022’ de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- 
- 1.2.6 Ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015–2020 agus Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) 2016–2019, múineadh agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, agus iarracht a dhéanamh réimsí a aimsiú ina bhféadann múineadh agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.
- 
- 1.2.7 Cur chuige aisriocht a thabhairt isteach maidir le coimhlint agus cúrsaí achrannacha a bhainistiú i gcoláistí agus in ionaid.
- 
- 1.2.8 Comhionannas deiseanna, taithí agus torthaí a chinntiú d’fhoghlaimoirí le riachtanais bhreise foghlama, riachtanais speisialta oideachasúla nó míchumais, ionas go bhféadann siad leas a bhaint as an réimse iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna a chuireann BOOPLLG ar fáil.
- 
- 1.2.9 An fhoireann a spreagadh chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena chinntiú go sásaítear cearta an duine agus riachtanais chomhionannais na bhfoghlaimoirí.

### Tosaíocht Straitéiseach 1.3

## Soláthar ar cháilíocht dhearbhair le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe ag foghlaimoirí

### Gníomhartha Straitéiseacha

- 1.3.1 Leanúint le tacú le coláistí agus le hionaid ina n-iarrachtaí chun cleachtas an-éifeachtach a fhorbairt agus úsáid á baint as Tuarascálacha ar Chigireacht agus Tuarascálacha Féinmheastóireachta Scoile, i gcomhar le ‘Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016’.
- 
- 1.3.2 Pleanáil ábhair, Féinmheastóireacht Scoile (FMS), agus pleanáil feabhsaithe scoile i gcoláistí agus in ionaid a leabú. Comhlíonadh an Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chinntiú i dtaobh dea-chleachtas a phleanáil agus a chur i bhfeidhm inár gcoláistí agus inár n-ionaid.
- 
- 1.3.3 Pleanáil i gcomhair forbairt na gcúrsaí iar-ardteistiméireachta trí fhreagairt SOLAS ar thuarascáil ESRI a chur i bhfeidhm (Staidéar ar Sholáthar agus Torthaí Clár Iar-Ardteistiméireachta do Rannpháirtithe i gClár Iar-Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta) agus an bealach is éifeachtaí do dhaltáí iar-ardteistiméireachta chun na torthaí oideachais agus oiliúna is fearr agus is féidir a fháil a phlé, lena n-áirítear dul ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal nó fostaíocht.
- 
- 1.3.4 Aonad Dearbhaithe Cáilíochta BOOPLLG a fhorbairt chun tacú le forbairt cúrsaí, nuálaíocht, anailísíocht sonraí agus dearbhú cáilíochta ar fud BOOPLLG. I gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI): Tuarascáil Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin (ESER) agus Plean Feabhsaithe Cáilíochta (QIP) a ullmhú a thacóidh le Bord Rialachais um Dearbhú Cáilíochta do BOOPLLG a fhorbairt. Oibriú le comhlachtaí creidiúnaithe eile ar nós City & Guilds, Cidesco, Red Seal, srl. chun deiseanna nuálacha foghlama a fhorbairt.

## Tosaíocht Straitéiseach 1.4

### Naisc a chur chun cinn agus a bhunú idir oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil

#### Gníomhartha Straitéiseacha

- 
- 1.4.1 Plean Oibre don Ógra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí phróifíl chuimsitheach riachtanais don ógra a chur le chéile agus trí struchtúr a fhorbairt maidir le soláthar comhtháite na seirbhísí oibre don ógra a sheachadadh.
- 
- 1.4.2 Tacú le soláthar seirbhísí eile sna réimsí is mó gá, ina bhfuil seirbhísí teoranta ann faoin láthair.
- 
- 1.4.3 Samhail dhea-chleachtais a fhorbairt a nascann an t-oideachas foirmiúil agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil (Tionscadail Críochnaithe Scolaíochta san áireamh) le cur chuige iomlánaíoch a chinntiú maidir le soláthar do dhaoine óga, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.
- 
- 1.4.4 Leanúint le naisc a fhorbairt idir ár gcoláistí agus ionaid agus Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, agus an t-ionad nua atá beartaithe ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman.
- 
- 1.4.5 Oibriú go gníomhach lena chinntiú go mbíonn tionchar bunathraitheach ag Music Generation Loch Garman agus Music Generation Phort Láirge ar shaol leanaí sa phobal agus go leabaítear cláir thaibhithe ceoil i gcoláistí agus ionaid BOOPLLG.
- 
- 1.4.6 Le tacú ón gclár 'Éire Ildánach' agus le stiúradh ón gCairt um Ealaíona san Oideachas (2013) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS), cláir a fhorbairt a thacaíonn le leithlí, leas agus cumas cruthaitheach na ndaoine óga sa phobal.
-

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH

Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt: Bainfear é sin amach trína chinntiú go gcuirimid na tacaíochtaí is airde cáilíochta ceannaireachta, feidhmiúcháin agus riaracháin ar fáil d'fhórsa oibre spreagtha agus oilte, rud a chuirfidh taithí múinteoireachta agus foghlama ardchaighdeáin ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do dhaltaí.

### Tosaíocht Straitéiseach 2.1

#### Leasú agus forbairt leanúnach ar struchtúr agus dearadh eagrúcháin

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 2.1.1 I ndiaidh an athstruchtúraithe ar fheidhm na seirbhísí tacaíochta feidhmiúcháin ar fud na gceithre eagraíocht chónasctha, oibriú chun an struchtúr reatha a chomhdhlúthú leis an bhfoireann i róil bhuaana formheasta, ar feitheamh an dearaidh athbhreithnithe eagraíochta formheasta ag an ROS.
- 2.1.2 Oibriú leis an ROS agus BOOÉ chun struchtúr dearaidh eagrúcháin chorparáideach atá oiriúnach don fheidhm agus a bhfuil foireann shásúil ag obair ann chun riachtanais reatha agus todhchaí na ndaltaí/bh foghlaimoirí agus seirbhísí eagraíochta a shásamh. Poist riachtanacha ghairmiúla a líonadh chun comhlíonadh na bhfeidhmeanna nua agus reachtúla a chinntiú.
- 2.1.3 Comhtháthú d'fheidhm fhormheasta TFC a chinntiú chun teicneolaíochtaí ceannródaíochta a úsáid chun gnóthachtáil na bhfoghlaimoirí a uasmhéadú, agus chun nua-aoisiú leanúnach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.
- 2.1.4 'Anailís ar Riachtanais Scileanna' a dhéanamh le haghaidh feidhmeanna in eagraíocht oideachais agus oiliúna atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm, agus plean le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus forbairt acmhainne a fhorbairt.
- 2.1.5 Struchtúr comhordaithe le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna (FET), agus Plean Oibriúcháin lena mbaineann, a fhorbairt, a thacóidh le comhtháthú feidhmeanna FET BOOPLL, bunaithe ar chur chuige 'foirne' i leith seachadadh clár agus feabhsú leanúnach.
- 2.1.6 Córais 'athbhreithnithe agus meastóireachta' a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht agus feabhsú leanúnach inár seirbhísí do chustaiméirí.

### Tosaíocht Straitéiseach 2.2

#### Gach samhail chistithe agus íocaíochta a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 2.2.1 Córais nua bogearraí cuntasafóchta a fhorbairt agus bainisteoirí agus an fhoireann a oiliúint go cuí, chun tuairisciú agus bainistiú airgeadais agus buiséadú do choláistí a fheabhsú. Tús áite a thabhairt d'fhorfheidhmiú luath na gcóras íocaíochta ar líne agus na n-uathphróisis ar nós párolla páirtaimseartha agus íocaíochtaí taistil/cothaithe.
- 2.2.2 Samhail chistithe a fhorbairt do FET atá ag teacht le riachtanais chistithe SOLAS agus a thugann go leor acmhainní do chlár. Ar an gcaoi sin, sásaítear riachtanais foghlaimoirí agus cuirtear tuairisciú buiséadaithe agus bainistithe feabhsaithe ar fáil do FET.
- 2.2.3 Buiséadú comhtháite láraithe a bhaint amach maidir le gach clár airgeadais.

## Tosaíocht Straitéiseach 2.3

### Forbairt leanúnach beartais agus ardchaighdeáin rialachais agus comhlíonta

#### Gníomhartha Straitéiseacha

- 
- 2.3.1 Leanúint le tús áite a thabhairt d'fhorfheidhmiú an rialachais láidir ar fud na heagraíochta chun comhlíonadh imlitir 18/15 de chuid na ROS a bhaint amach (Cód Cleachtais um Rialachas na BOOnna) agus chun riachtanais iniúchta agus tuairiscithe a shásamh (CSAG, iniúchadh inmheánach srl).
- 
- 2.3.2 Oibreoidh an feidhmeannas le Cathaoirleach BOOPLLG lena chinntiú go mbíonn a ndóthain oiliúna, eolais agus doiciméadaithe ag comhaltaí boird BOOPLLG agus ag na coistí ar fad atá aige chun cinntí feidhme forchoimeáda eolacha a dhéanamh.
- 
- 2.3.3 Plean soláthair, bunachar sonraí conarthaí bainteach don eagraíocht agus córas struchtúrtha bainistíochta conartha a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun luach ar airgead agus comhlíonadh le treoirlínte soláthair náisiúnta a chinntiú.
- 
- 2.3.4 Bunachar sonraí beartais agus próiseas maidir le beartais a athbhreithniú, a nuashonrú agus a fhaomhadh ar bhonn córasach uainíochta a bhunú, le béim ar chéimeanna an chomhairliúcháin agus an chur i bhfeidhm.
- 
- 2.3.5 Prionsabail na Scéime Teanga a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

## Tosaíocht Straitéiseach 2.4

### Struchtúir éifeachtacha bainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

#### Gníomhartha Straitéiseacha

- 
- 2.4.1 Cultúr bainistíochta riosca a leabú san eagraíocht agus Foireann Bainistíochta Riosca a bhunú atá freagrach as Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus tionscnaimh oiliúna bainistíochta riosca a fhorbairt, agus as Cláir Riosca corparáideacha, na gcoláistí agus FET a bhainistiú agus tuairisciú dóibh.
- 
- 2.4.2 Comhaontaithe agus/nó Meamram Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt i dtaobh Tuisceana bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus riachtanais áitiúla le gníomhaireachtaí eachtracha lena bhfuilimid gafa leo ó thaobh airgid de agus ó thaobh straitéise de.
- 
- 2.4.3 Plean Sláinte agus Sábháilteachta éifeachtach a chur i bhfeidhm don eagraíocht, agus páirt a ghlacadh lenár gcomhghleacaithe agus lenár n-ionaid, agus lenár lucht árachais, chun íoslaghdú a dhéanamh ar riosca d'úsáideoirí, do chonraitheoirí agus do chustaiméirí ár n-eagraíocht. Tosaíocht a thabhairt do bhainisteoirí sna haicmí meabhraíochta agus saineolais sláinte agus sábháilteachta.
-

## Tosaíocht Straitéiseach 2.5

### Bonneagar agus foirgnimh: Pleanáil le haghaidh riachtanais reatha agus riachtanais na todhchaí

#### Gníomhartha Straitéiseacha

---

- 2.5.1. Foirgnimh scoile nua de chaighdeán ard agus/nó síntí móra a sholáthar do Choláiste Sheilscire, do Choláiste Breisoideachais Phort Láirge, do Choláiste Bhaile an Droichid, do Ghairmscoil Bhun Clóidí, do Choláiste Pobail Naomh Póil, do Choláiste Pobail Naomh Declan, do Mheánscoil San Nioclás agus do Choláiste Chathail Naofa chun riachtanais oideachais nua-aimseartha a shásamh.
- 
- 2.5.2. Pleananna sonracha le bheith forbartha chun beart reatha agus molta a shonrú le haghaidh réimse Clár Breisoideachais agus Oiliúna, le forbairt ionad Ógtheagmhála do Ghuaire agus áiseanna nua ilphictiúr lainne i mBaile Loch Garman, i gCathair Phort Láirge agus in Inis Córthaidh san áireamh.
- 
- 2.5.3. Cláir straitéiseacha chothabhála a fhorbairt do gach coláiste agus do gach ionad.
- 
- 2.5.4. Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh nua a fhorbairt i Sliabh Fhothart, i gCarraig an Phoill, i Loch Garman i dteannta le Comhairle Contae Loch Garman.
- 
- 2.5.5. Oibriú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun feidhmíocht fuinnimh BOOPLG a fheabhsú mar thacaíocht do straitéis éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí. Tosaíocht a thabhairt d'aistriú chuig timpeallacht gan páipéar.
-

# 3

## SPRIOC STRAITÉISEACH

Ár ndaoine ag obair le chéile: Timpeallacht dhearfach oibre a chruthú ina gcuireann foireann dheacháilithe a n-uaschumas chun leas na ndaltaí agus na bhfoghlaimoirí le haird chúí ar luachanna BOOPLLG. Tá sé seo bunaithe ar chultúr comhionannais, measa agus dínite sa láthair oibre, forbairt ghairmiúil leanúnach, meon 'is féidir linn' agus a bheith oscailte do agus a meas a thaispeáint ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus páirtithe seachtracha comhoibríocha.

### Tosaíocht Straitéiseach 3.1 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

#### Gníomhartha Straitéiseacha

- 3.1.1 Polasaí FGL a fhorbairt don eagraíocht a thugann tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil na foirne ginearálta, a thugann tosaíocht d'aicmí leis an riachtanas is mó ann agus a áiríonn teimpléad do phleananna oiliúna aonair.
- 3.1.2 Tosaíocht a thabhairt do dheiseanna forbartha gairmiúla na foirne a bhfuil ról cheannasaíochta agus/nó poist chúraim laistigh den eagraíocht acu. Tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-oibreoidh an fhoireann le líonraí náisiúnta BOOÉ le haghaidh forbairt ghairmiúil.
- 3.1.3 Oibriú ar fhorfheidhmiú Bainistíocht Comhlíonta agus an Córas Forbartha chun cumas a thabhairt do dheiseanna le haghaidh aiseolas struchtúrtha.
- 3.1.4 Úsáid tacaíochtaí maoinithe an ROS a chur chun cinn do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile m.sh. Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM), agus seirbhísí atá soláthraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ag Ionaid Oideachais agus ag an Lárionad Ceannasaíochta Scoile.
- 3.1.5 Clár oiliúna agus breisoiliúna comhtháite BOO-uile a fhorbairt don fhoireann uile, a mbeidh oiliúint sholúbtha san áireamh ann a chuireann cosáin dhul chun cinn ar fáil do rannpháirtithe ag leibhéal chúí, lena n-áirítear teastas QQI agus cáilíochtaí proifisiúnta. Úsáid gréasáin/fóiraim a fhorbairt chun eolas a chomhroinnt, réiteach a fháil ar fhadhbanna agus acmhainní a chomhroinnt.
- 3.1.6 Fóram Malartaithe Eolais débhlíantúil a fhorbairt d'oibrithe deonacha túslíne agus d'Oibrithe don Ógra díolta chun an cleachtas is fearr a roinnt.
- 3.1.7 Cumas a fhorbairt i measc ár bhfoireann chun scileanna tábhachtacha an 21ú haois a bheith san áireamh, le fiontraíocht, le foghlaim ar feadh an tsaoil, le scileanna digiteacha agus le comhoibriú ina measc.
- 3.1.8 Meabhraíocht i dtaobh ár gcuid croíluachanna maidir le hobair laethúil ár bhfoirne a chur chun cinn agus mórtas láidir a shaothrú san eagraíocht i measc ár bhfoireann agus i measc pobail foghlama níos leithne.

### Tosaíocht Straitéiseach 3.2 Éascú a dhéanamh ar earcaíocht agus ar choinneáil foirne de chaighdeán ard

#### Gníomhartha Straitéiseacha

- 3.2.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis earcaíochta uile agus córais agus próisis chúí a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais BOOPLLG (m.sh. earcaíocht ar-líne, fógraíocht poist in am).
- 3.2.2. Painéal múinteoirí ionadacha 'fíor am' bunaithe sa cheantar a fhorbairt agus a chothabháil.

- 3.2.3. Oibriú leis an ROS agus le páirtithe leasmhara inmheánacha chun straitéis pleanála chomhleantach a fhorbairt chun leanúnachas na seirbhíse a dheimhniú trasna na heagraíochta.
- 
- 3.2.4. Straitéisí le haghaidh múinteoirí a fhoinsiú agus a earcú i margadh oibre le hiomaíocht mhéadaithe ann a chomhaontú agus comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí san áireamh. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil cumas agus solúbthacht ag an bhfoireann earcaithe chun tascanna a bhaint amach sa láthair oibre nua-aimseartha (m.sh. scileanna TF, tras-scileanna) agus go mbeidh meas ag an bhfoireann earcaithe ar luachanna BOOPLLG atá aibhsithe sa Ráiteas Straitéise seo.
- 
- 3.2.5. Féachaint ar dheiseanna i dtaobh scoláireachtaí iarchéime a bhronnadh in aicmí ábhar criticiúla.

### Tosaíocht Straitéiseach 3.3

#### Cultúr sláinte agus leasa a chur chun cinn i measc na foirne

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 3.3.1. Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr sláinte agus leasa sa láthair oibre a chur i bhfeidhm. Moladh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt don fhoireann uile maidir leis seo. Oibriú chun a chinntiú go gcabhraíonn an timpeallacht fhisiceach le leas sa láthair oibre.
- 
- 3.3.2. Deiseanna a chur chun cinn don fhoireann uile úsáid a bhaint as seirbhísí comhairleoireachta mar is cuí chun cabhrú leo déileáil le fadhbanna deacra sa láthair oibre.
- 
- 3.3.3. Léiriú intinne BOOPLLG a fhorfheidhmiú chun tiomantas a léiriú maidir le comhionannas agus cearta an duine ina gcuid oibre a chur i bhfeidhm.
- 
- 3.3.4. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil cláir phleanála bhliantúla na tréimhse scoir ar fáil don fhoireann agus go bhfuil aitheantas tugtha don fhoireann ina dtréimhse i dtaobh seirbhíse san eagraíocht.
- 
- 3.3.5. Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a ghlacadh chun forbairt foirne a chur chun cinn i dteannta le meabhraíocht tras-eagraíochta ag gach leibhéal trasna na heagraíochta (m.sh. Ceolchoirm Daltaí agus Foirne 'In Harmony', Comórtas Lúthchleasaíochta BOOPLLG).
-

# 4

## SPRIOC STRAITÉISEACH

Comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe buana a chothú agus a fhorbairt trí bheith ionadaithe ar chomhlachtaí reachtúla ábhartha, gníomhaireachtaí, leasa gnó, ceardchumann, ar ghrúpaí pobail agus san earnáil dheonach, agus oibriú ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chuige sin.

### Tosaíocht Straitéiseach 4.1

#### Líonrú straitéiseach leanúnach agus feabhsaithe

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 4.1.1 Prótacail a fhorbairt chun gabháil le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais, le húdarais áitiúla, le heagraíochtaí fostóra agus fostaí ionadacha, le ceardchumann agus le páirtithe leasmhara eile.
- 4.1.2 Foireann agus/nó baill a ainmniú mar is cuí chun ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíochtaí seachtracha agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil gnáthamh tuairiscithe cuí ar bun.
- 4.1.3 Deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach comhaontas go dtéann an fhoireann isteach ann ar son BOOPLLG le gníomhaireachtaí seachtracha comhaontaithe roimh ré leis an Ardbhainistíocht.
- 4.1.4 Doiciméadú údaraithe uile a dheimhniú agus a thairfeadh a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí le gníomhaireachtaí eachtracha i leabharlann lárnach acmhainní.

### Tosaíocht Straitéiseach 4.2

#### Comhoibriú éifeachtach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 4.2.1 Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le SOLAS, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, leis an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, le NEPS, le NCSE, chun deimhin a dhéanamh de go n-oibrímid i gcomhréir leis an bpolasaí náisiúnta chun acmhainní a uasmhádú le haghaidh misean BOOPLLG.
- 4.2.2 Comhoibriú i dteannta le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Comhairle Contae Loch Garman, chun deimhin a dhéanamh d'ailíniú áitiúil agus réigiúnach agus de chomhoibriú faoi thosaíochtaí áitiúla faoi shainchúram BOOPLLG.
- 4.2.3 Comhoibriú le fóraim réigiúnacha chuí chun cabhrú le forbairt leanúnach na hearnála oideachais agus oiliúna (m.sh. Coistí Forbartha an Phobail Áitiúil, Fóram Scileanna Réigiúnacha an Oirdheiscirt, Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Poist).
- 4.2.4 Glacadh le agus uasghrádú a dhéanamh ar institiúidí tríú leibhéal, go háirithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach i gcúrsaí a bhaineann le comh-shuimeanna, le deiseanna dul chun cinn daltaí, le hacmhainní a roinnt agus le réitigh ar easpa múinteoirí in aicmí ábhar áirithe a thaiscéaladh ina measc.



## Tosaíocht Straitéiseach 4.3

### Comhoibriú éifeachtach le leasanna pobail agus gnó

#### Gníomhartha Straitéiseacha

---

4.3.1 Deiseanna a lorg ar bhonn gníomhach le haghaidh rannpháirtíocht pobail chun BOOPLLG a chur chun cinn mar phatrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta trasna an réigiúin.

---

4.3.2 Caidrimh a fhorbairt agus a fheabhsú le bunscoileanna áitiúla.

---

4.3.3 Fóram Tuismitheoirí BOOPLLG agus Comhairle Tuismitheoirí a bhunú i ngach coláiste BOOPLLG. Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coláiste cuí agus dul i bpáirtíocht i bpobal an choláiste.

---

4.3.4 Deiseanna do choláistí tacaíocht a thabhairt dá gcuid bpobal áitiúil a thaiscéaladh trí fhoirgnimh agus áiseanna coláistí a úsáid lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte (m.sh. do chlubanna obair baile, grúpaí tuismitheoirí srl.).

---

4.3.5 Comhoibriú le suimeanna gnó agus le suimeanna tionscal le CGFÉ, le Comhlachais Tráchtála, le FAÉ, le Rotary Alliance, le SICAP, le LEADER, le Seirbhísí don Ógra agus le heagraíochtaí spóirt ina measc chun deimhin a dhéanamh de thábhacht ár gcláir oideachais agus oiliúna agus deiseanna a sholáthar do dhaltaí agus d'fhoghlaimoirí.

---

4.3.6 Dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le leasanna gnó agus le tionscail chun cláir bhreisoiúna chúí a aithint agus a sholáthar do bhaill reatha an fhórsa oibre.

---

# 5

## SPRIOC STRAITÉISEACH

Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt. Bainfear é sin amach trí straitéis shoiléir a chur ar fáil, le tacaíocht ó Fhoireann Chumarsáide tiomanta, ó acmhainní cuí agus ó fheasacht ar bhranda BOOPLLG a fhorbairt.

### Tosaíocht Straitéiseach 5.1

#### Eolas dírithe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar in am

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 5.1.1 Forfheidhmiú a dhéanamh ar struchtúr cumarsáide le grúpa stiúrtha agus comhordaitheoir cumarsáide san áireamh a thabharfaidh tacaíocht don straitéis cumarsáide.
- 5.1.2 Acmhainní cuí a sholáthar chun tacú leis an straitéis cumarsáide, le tacaíocht oiliúna agus tacaíocht airgeadais san áireamh.
- 5.1.3 Plean Cumarsáide Bliantúil a fhorbairt atá nasctha leis na cuspóirí straitéiseacha.
- 5.1.4 Meicníochtaí a fhorbairt chun cuireadh agus freagra a thabhairt ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha.
- 5.1.5 Caighdeánú a dhéanamh ar shuíomh idirlín BOOPLLG agus ar shuíomhanna idirlín coláistí/ionaid, agus bainistíocht a dhéanamh ar ábhar na suíomhanna idirlín agus ábhar na meán sóisialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé suas chun dáta agus ar chaighdeán ard.
- 5.1.6 Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cuí agus nuálacha, meán shóisialta san áireamh, le haghaidh cumarsáid éifeachtach thapa.

### Tosaíocht Straitéiseach 5.2

#### Meicníochtaí cumarsáide inmheánacha níos éifeachtaí a fhorbairt

##### Gníomhartha Straitéiseacha

- 5.2.1 Suíomh inlín a fhorbairt ar son eolas foirne agus faisnéis a roinnt.
- 5.2.2 Féilire Cumarsáide Inmheánach a fhorbairt
- 5.2.3 Treoirlínte don fhoireann a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de chumarsáid inmheánach shoiléir chomhsheasmhach, leis an gcleachtas is fearr ina measc, maidir le húsáid réimse slite difriúla (nuachtl itreacha, meán dhigiteacha, inlín, cumarsáid aghaidh ar aghaidh, ríomhphost, srl.) chun teachtaireach taí agus eolas a sheachadadh.
- 5.2.4 Deiseanna a fhorbairt le haghaidh cumarsáid aghaidh ar aghaidh níos minice idir foireann fheidhmeannach agus príomhoidí/bainisteoirí sinisir i gcoláistí agus in ionaid.
- 5.2.5 Glacadh le braistint pobail láidir i measc na foirne a oibríonn laistigh de BOOPLLG.
- 5.2.6 Glacadh le tuairim pobail i measc foghlaimeoirí, go háirithe ár bhfoghlaimeoirí fásta atá gafa le grúpaí ranga beaga.
- 5.2.7 Meicníochtaí a fhorbairt chun daltaí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a choimeád suas chun dáta le héachta agus le forbairtí laistigh de BOOPLLG.

## Tosaíocht Straitéiseach 5.3

### Meicníochtaí cumarsáide seachtracha níos éifeachtaí a fhorbairt

#### Gníomhartha Straitéiseacha

---

- 5.3.1 Sraith d'ócáidí eolais a eagrú le haghaidh páirtithe leasmhara seachtracha tábhachtacha, leis na meáin, na fostóirí agus foghlaimeoirí ina measc.
- 
- 5.3.2 Liosta iomlán na gcúrsaí uile atá le fáil a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad uasdátaithe mar is cuí agus go bhfuil teacht éasca orthu ar líne.
- 
- 5.3.3 Láithreach ag foireann thábhachtach ag taispeántais phoiblí sa réigiún le léiriúcháin ardchaighdeán agus earraí promóisin ann.
- 
- 5.3.4 Eolas a chur chun cinn faoi ghníomhaíochtaí BOOPLG ar scoil agus ag ócáidí ionad phoiblí ar nós teastas scoile, seoltaí agus ócáidí deireadh bliana.

## Tosaíocht Straitéiseach 5.4

### Uasghrádú a dhéanamh ar bhrandáil agus ar mhargú BOOPLG

#### Gníomhartha Straitéiseacha

---

- 5.4.1 Straitéisí brandála agus margaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don eagraíocht, le forbairt sraith ábhar promóisin chun seirbhísí BOOPLG a chur chun cinn san áireamh.
- 
- 5.4.2 Aitheantas branda láidir a sheachadadh don eagraíocht, agus é tacaithe ag sraith treoirlínte branda.
- 
- 5.4.3 Foireann eagraíochta-uile a bhunú le cúram orthu do ghníomhaíochtaí meáin, agus é tacaithe ag oiliúint chuí agus forfheidhmiú na dtreoirlínte.
- 
- 5.4.4 Comhdháil iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna a eagrú sa réigiún.
-

# Forfheidhmiú agus Monatóireacht

Cruthóidh na haidhmeanna, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí atá imlínithe thuas an bonn do Phleananna Forfheidhmithe Bhliantúla a bheidh forbartha do BOOPLLG (le hathbhreithniú déanta air go rialta). Beidh an clár oibre sonraithe seo forbartha i gcomhairle le coláistí, le hionaid agus le seirbhísí tacaíochta de chuid BOOPLLG agus imlíneoidh sé Comharthaí Comhlíonta comhaontaithe, a úsáidfeadh chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise.





## Aguisíní

1. Comhaltaí BOOPLLG	36
2. Coláistí agus Ionaid BOOPLLG	37
3. Rannpháirtíocht BOOPLLG i gCoistí agus Struchtúir Sheachtracha	38
4. Liosta Giorrúchán	39

# Aguisín 1

## BOOPLLG COMHALTAÍ BOIRD

### Tofa ag Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge

Comhairleoir Máire de Róiste  
Comhairleoir Lola Ní Shuilleabháin  
Comhairleoir Pat de Núinnseann  
Comhairleoir Micheál J Ó Riain  
Comhairleoir Tom Ó Crónáin

### Tofa ag Comhairle Contae Loch Garman

Comhairleoir Barabara-Áine Ó Mhurchú  
Comhairleoir Malcolm Ó Broin  
Comhairleoir Kathleen Nic Coda-Nualáinn  
Comhairleoir Jim Ó Móra  
Comhairleoir Máire Ní Fearail  
Comhairleoir Ger Ó Cárthaigh  
Comhairleoir Fionntán Ó'Súilleabháin

### Comhaltaí Foirne

Nessa Ní Mhurchú  
Geoffrey Mac Coileáin

### Baill Tuismitheoirí

Fionola de Bhailéis  
David Ó Dúghaill

### Ainmnithe ó Eagraíochtaí Sonraithe

Mark Mac Gearailt	CGFÉ (IBEC)
Seán Mac Fhíobhuí	AONTAS
Máire Ní Riain	JMB/ACCS/NAPD
Seán de Bhál	AHEAD
Áine Uí Fhoghlú	FORAS NA GAEILGE

### Tá ceithre Choiste Ceantair BOOPLLG tacaithe ag foireann a fhreastalaíonn mar chomhairleoirí:

Ionadaí Foirne na hArdbhainistíochta  
Príomhoidí Iar-Bhunscoileanna  
Ionadaithe Breisoideachais agus Oiliúna  
Ionadaí Seirbhísí don Ógra

## BOOPLLG BAILL NA GCOISTÍ

### An Coiste Airgeadais

Micheál de Bhial  
Áine Ní Muirí  
Pádraig Mac Cathail  
David Ó Dúghaill  
Comhairleoir Pat de Núinnseann

### An Coiste Iníúcháireachta

Eddie Ó Bhriain  
Elaine Ní Sioradáin  
Seán Ó Cuidithe  
Comhairleoir Kathleen Nic Coda-Nualáinn  
Comhairleoir Ger Ó Cárthaigh  
Comhairleoir Micheál J Ó Riain

### An Coiste um Obair don Ógra

Comhairleoir Máire de Róiste	Geoffrey Mac Coileáin
David Ó Dúghaill	Máire Ní hAileagáin
Gail Ní Shuilleabháin	Julie Ní Somacháin
Alan Ó Bhroin	Alison Pearail
Róisín Ní hUrnaí	Sophie Ní Conchobhair
Seán Mac Dhabhóc	Ciarán Ó Donnchadha

### Coiste Ceantair Phort Láirge Thiar agus Láir

Comhairleoir M.J. Ó Riain (Cathaoirleach)  
Comhairleoir Pat de Núinnseann  
Comhairleoir Tom Ó Crónáin  
Geoffrey Mac Coileáin  
Áine Ní Foghlú

### Coiste Ceantair Chathair Phort Láirge agus Thrá Mhór

Comhairleoir Lola Ní Shuilleabháin  
Máire Ní Riain  
Comhairleoir Máire de Róiste  
Seán de Bhál  
Mark Mac Gearailt

### Coiste Ceantair Loch Garman Theas

Comhairleoir Ger Ó Cárthaigh  
Nessa Ní Mhurchú  
Comhairleoir Jim Ó Móra  
David Ó Dúghaill  
Seán Mac Fhíobhuí

### Coiste Ceantair Loch Garman Thuaidh

Comhairleoir Barabara Ann Ní Mhurchú  
Comhairleoir Máire Ní Fearail  
Comhairleoir Kathleen Nic Coda-Nualáinn  
Comhairleoir Fionntán Ó Suilleabháin  
Comhairleoir Malcolm Ó Bhroin

# Aguisín 2

## COLÁISTÍ AGUS IONAID PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN

---

### Coláistí Iar-Bhunscoile

Coláiste Bhaile an Droichid, Baile an Droichid, Co Loch Garman  
Gairmscoil Bhun Clóidí, Co Loch Garman  
Coláiste Abbain, Maigh Arnaí, Co Loch Garman  
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co Loch Garman  
Coláiste Chathail Naofa, Dún Garbhán, Co Phort Láirge  
Coláiste Craobhach, Guaire, Co Loch Garman  
Gairmcholaíste Inis Córthaidh, Co. Loch Garman  
Coláiste Uí Chinnéide, Ross Mhic Thriúin, Co Loch Garman  
Meánscoil San Nioclás, An Rinn, Co Phort Láirge  
Coláiste Sheilscire, Baile Loch Garman  
Coláiste Pobail Naomh Declan, Cill Mhic Thomáisín, Co Phort Láirge  
Coláiste Pobail Naomh Póil, Cathair Phort Láirge

### Coláiste Iar-Ardteistiméireachta

Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Cathair Phort Láirge

### Pobalscoileanna ina bhfuil BOOPLG ina chomhphátrúin

Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Co Phort Láirge  
Pobalscoil Ghuaire, Co Loch Garman  
Pobalscoil na Gráinsí, Co Loch Garman

### Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Síol Beagáin, an Ghráinseach, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman

### Ionaid Ógtheagmhála

Ógtheagmháil Dhún Garbhán, Rinn na Saileog, Dún Garbhán, Co Phort Láirge  
Ógtheagmháil Inis Córthaidh, Gleann an Tobair, Inis Córthaidh, Co Loch Garman  
Ógtheagmháil Ghuaire, An Ascaill, Guaire, Co Loch Garman  
Ógtheagmháil Ros Mhic Thriúin, Fearann an Bhuitléaraigh, Co Loch Garman  
Ionad Ógtheagmhála Subla, Páirc Ghnó an Leacain, Port Láirge  
Ógtheagmháil Thrá Mhór, Páirc Ghnó Rinn na Mara, An Trá Mór, Co Phort Láirge  
Ógtheagmháil Phort Láirge, Sráid Uí Chonail, Port Láirge  
Ógtheagmháil Phort Láirge, Eastát Tionsclaíoch an Mhuilinn Bháin

### Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Bóthar Réileán, Bun Clóidí, Co Loch Garman  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Ionad Pobail Cheapach Choinn, Ceapach Choinn, Co Phort Láirge  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Bóthar Wolfe Tone, Dún Garbhán, Co Phort Láirge  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Sráid Uaiféir, Inis Córthaidh, Co Loch Garman  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Ionad Cathartha Ghuaire, An Ascaill, Guaire, Co Loch Garman  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Bóthar Aontais, Coill Mhic Thomáisín, Co Phort Láirge  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Fearann an Bhuitléaraigh, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Cathair Phort Láirge  
Ionad Phort Láirge don Fhoghlaim Aosach, Cearnóg an Iarnróid, Port Láirge  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Páirc Ghnó Rinn na Mara, Trá Mór, Co Phort Láirge  
Ionad Oiliúna Phort Láirge, Páirc Tionsclaíoch Phort Láirge, Bóthar Chorcaí, Cathair Phort Láirge  
SDOG Phort Láirge, Durands Court, Cathair Phort Láirge  
Ionad Oideachais d'Aosaigh Loch Garman, an Geata Thiar, Loch Garman  
Ionad Oiliúna Loch Garman, Eastát Tionsclaíoch an Mhuilinn Bháin Thuaidh, Loch Garman  
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman, Ardchaobháin, Loch Garman

# Aguisín 3

## RANPHÁIRTÍOCHT BOOPLLG AR CHOISTÍ AGUS AR STRUCHTÚIR SEACHTRACHA

Fóram Breisoideachais agus Oilíúna Daoine Fásta  
Cumann na nOifigeach Oideachas Aosach  
Books4Babies Loch Garman  
Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ Loch Garman)  
Grúpa Idir-Ghníomhaireachta Teach Chlodiagh  
Saoráid Cúraim Leanaí Pobail Cho. Phort Láirge  
Líonra Oideachais Cho. Loch Gaman  
Comhairle na nÓg - Grúpa Stiúrtha Phort Láirge  
Comhairle na nÓg - Grúpa Stiúrtha Loch Garman  
CSLDÓ Phort Láirge  
CSLDÓ Phort Láirge: Foghrúpa um Ógántacht sa Phobal  
Coiste Oideachais CSLDÓ  
Díolacháin agus Margú Digiteach do Ghrúpa Oibre na nGnóthas Beag  
DSP agus Skillnet Chomhlachas Tráchtála Phort Láirge  
Comhlacht comhairleach Tionscadal Pobail don Óige Dhún Gharbhán  
Grúpa Oibre Cúrsa Oilíúna Slí Beatha Innealtóireachta  
Grúpa Printíseachta FET BOOÉ  
Fóram Airgeadais BOOÉ  
Grúpa Oibre TFC BOOÉ  
Fóram DC BOOÉ  
Grúpa Athbhreithnithe View V4 BOOÉ  
FLAG - Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh  
HSCL Loch Garman  
Coiste Stiúrtha CGFÉ an Oirdheiscirt  
Cumann Oifigigh Óige Éireann (IYOA)  
Foghrúpa Feabhsaithe Scileanna LCDC  
Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha (LCDC) Phort Láirge  
Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha (LCDC) Loch Garman  
Áiséineacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh  
Grúpa Pleanála Forfheidhmithe Céim 4 agus Céim 6  
Clár Píolóta Cúram Sláinte/Sóisialta Romach an Lucht Siúil  
REACH - Acmhainní agus Fiontar sna hEalaíona, Ceardaíocht agus Oidhreacht Phort Láirge  
Fóram Idir-Ghníomhaireachta Dídeanaithe Phort Láirge  
Fóram Idir-Ghníomhaireachta Dídeanaithe Loch Garman  
Foireann DC an Chleachtais Aisirígh in Éirinn  
Líonra Cleachtóirí RPL

Grúpa Stiúrtha Náisiúnta na hOilíúna ar Conradh SOLAS  
Grúpa Oibre TFC SOLAS  
Coiste Stiúrtha Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach an Oirdheiscirt um Poist  
Coiste Stiúrtha Fóram Scileanna Réigiúnaigh an Oirdheiscirt  
Fóram Bainisteoirí na nIonad Oilíúna  
Treo  
Grúpa Oibre Forfheidhmithe an Bheartais Bhailíochtaithe  
Grúpa Athbhreithnithe Printíseachta Version 4  
Comhaontas Aoisbhá Phort Láirge  
Bord Comhpháirtíochta Cheantar Phort Láirge  
Líonra Comhpháirtíochta Fostóra Cheantar Phort Láirge  
Fostaíocht Pobail Ealaíona agus Oidhreacht Phort Láirge  
Comhlachas Tráchtála Phort Láirge  
Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge -  
Coiste Cruthaitheach/Ealaíonta  
Líonra Fostóra Phort Láirge  
Grúpa Feabhsaithe Scileanna LCDC Phort Láirge  
Comhpháirtíocht Ceannasaíochta Phort Láirge  
Seirbhís Fostaíochta Áitiúil Phort Láirge  
Líonra Cleachtais Athchóirithe Phort Láirge  
Líonra Fiontair Sóisialta Phort Láirge  
Tionscadal DAY Seirbhís Pobail don Óige Thiobraid Árann Theas  
Idir-Ghníomhaireacht Lucht Siúil Phort Láirge  
Ionad Mná Phort Láirge  
Ealaíona Óige Phort Láirge  
Grúpa Pleanála Cheantar Phort Láirge Thiar  
Comhaontas Aoisbhá Loch Garman  
Líonra Bricfeasta Loch Garman  
Grúpa Idir-Ghníomhaireachta Phort Láirge do Dhídeanaithe  
An Clár Athlonnaithe  
Bord Forbartha Áitiúil Loch Garman  
Fochoiste Oideachais agus Oilíúna na Forbartha Áitiúla Loch Garman  
Líonra Comhpháirtíochta Poiblí Loch Garman  
Grúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta an Chleachtais Aisirígh Loch Garman  
Grúpa Idir-Ghníomhaireachta Lucht Siúil Loch Garman  
Grúpa Oibre Athbhreithnithe Taithí Oibre  
World Skills Council  
Grúpa Comhairleach um Meastúnú Ógtheagmhála agus CTC



# Aguisín 4

## GIORRÚCHÁIN

NEET	(Daoine Óga d'Aois 15-24) Nach bhfuil i mbun Oideachais, Fostaíochta nó Oiliúna
AIRO	An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
TUSLA	Gníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach
CSLDÓ	Coiste Seirbhísí do Leanáí agus Daoine Óga
CBO	Coláiste Breisoideachais
CP	Coláiste Pobail
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
ESRI	Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EAL	Béarla mar Theanga Breise
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
TFMF	Tuarascáil Féin-Mheastóireachta Feidhmeannach
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
FETAC	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas
TPSC	Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ITABE	Múineadh Dian sa Bhunoideachas do Dhaoine Fásta
CGFÉ (IBEC)	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
FAÉ	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
IHREC	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
IPB	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann
PGSS	Próifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí
TLU	Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht
LEADER	Liaison Entre Actions pour Développement de l'Économie Rurale
LCDC	Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil
LDC	Cuideachta Forbartha Áitiúil
PÁEP	Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail
TÁO	Tionscnamh Áitiúil Oiliúna
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíoch Oideachais
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
CNIM	An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
IOA	Ionad Oideachais Allamuigh
CO	Corpoideachas
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
DC	Dearbhú Cáilíochta
PFC	Plean Feabhsaithe Cáilíochta
FMS	Féin-Mheastóireacht Scoile
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
SICAP	Clár Ionchuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail

## GIORRÚCHÁIN (ar lean)

---

RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SWS	Córas Tacaithe Pá
UFIÉ	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
TF21	Clár Traschur Foghlama
CGO	Coiste Gairmoideachais
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
BOOPLLG	Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
CCCPL	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
CBPL	Coláiste Breisoideachais Phort Láirge
ITPL	Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
WLP	Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
CCLG	Comhairle Contae Loch Garman
FÁLG	Forbairt Áitiúil Loch Garman
CÁSDÓ	Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga





**wwetb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Phort Láirge agus Loch Garman  
*Waterford and Wexford  
Education and Training Board*

Waterford and Wexford  
Education and Training Board  
Ardcavan Business Park  
Ardcavan  
Wexford  
Y35 P9EA  
Phone: 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Phort Láirge agus Loch Garman  
Páirc Gnó Ard Chaomháin  
Ard Chaomháin  
Loch Garman  
Y35 P9EA  
Fón: 053 9123799

[www.waterfordwexford.etb.ie](http://www.waterfordwexford.etb.ie)